Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2014 (01.12)
(OR. en)

15774/14

EJUSTICE 118
JUSTCIV 301
COPEN 296
JAI 910

NÓTA

Ó:	An Uachtaránacht
Chuig:	Coreper/An Chomhairle
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le hinbhuanaitheacht e-CODEX

I. Réamhrá

1. Is uirlis forbartha beartais í an ríomhcheartas trína ndéantar an rochtain ar fhaisnéis dhlíthiúil a shimpliú agus a fheabhsú agus trína ndéantar nósanna imeachta dlíthiúla trasteorann a dhigitiú. Tá sé mar aidhm léi freisin cur ar chumas na n-údarás breithiúnach leas a bhaint as modhanna leictreonacha cumarsáide faoi na nósanna imeachta éagsúla atá ag an Aontas cheana. Is réimse sonrach neamhspleách é an ríomhcheartas a thagann faoi ríomhsheirbhísí rialtais agus atá dírithe ar an gcomhar breithiúnach a fheabhsú ar leibhéal an Aontais, ach níl sé teoranta do réimse dlí faoi leith - is réimse cothrománach é a chuimsíonn na réimsí uile dlí lena ngabhann gné trasteorann faoin dlí sibhialta, faoin dlí coiriúil agus faoin dlí riaracháin.

2. Seoladh an treoirthionscadal ollmhór e-CODEX faoin bPlean Gníomhaíochta Eorpach ilbhliantúil r-Cheartais 2009-2013[1], agus é mar aidhm leis feidhmeanna áirithe an ríomhcheartais Eorpaigh, a bhfuil cur síos orthu sa Phlean Gníomhaíochta sin, a chur i bhfeidhm, go háirithe dí-ábharú imeachtaí breithiúnacha agus cumarsáide idir na húdaráis breithiúnacha.

[1] IO 2009/C 75/01

3. Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal e-CODEX in 2016, ar tionscadal é a chómhaoinítear trí bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

4. Choinnigh an Mheitheal Oibre um R-Sheirbhísí Dlí (ríomhcheartas) súil ghéar ar an dul chun cinn a rinneadh faoi e-CODEX, agus luaigh sí, sa Straitéis maidir le r-Cheartas Eorpach 2014-2018[1] agus sa Phlean Gníomhaíochta 2014-2018[2] a tháinig ina dhiaidh sin, go raibh sé ríthábhachtach go gcothófaí an méid a baineadh amach.

5. Sa dara Plean Gníomhaíochta Eorpach ilbhliantúil r-Cheartais 2014-2018, a glacadh i mí an Mheithimh 2014, foráiltear gur cheart féachaint arís ar bhealaí le torthaí thionscadal e-CODEX a chomhtháthú[3], trí struchtúir iomchuí rialachais d'fhonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach na réiteach teicniúil a forbraíodh faoin tionscadal a áirithiú.

6. Sa dara leath de 2014, d'fhéach an Mheitheal Oibre um R-Sheirbhísí Dlí (ríomhcheartas) ar bhealaí a bhféadfaí teacht ar réiteach indéanta ar an tsaincheist sin.

II. Imeachtaí ar an leibhéal Eorpach

a) e-SENS agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

7. Ó Aibreán 2013 i leith, tá treoirthionscadal nua ollmhór, darb ainm e-SENS, á chómhaoiniú ag an gCoimisiún le Tacaíocht Beartais TFC faoin gClár Iomaíochais agus Nuálaíochta, a bhforbrófar bonneagar cuimsitheach digiteach leis chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí san Aontas. Tógfaidh e-SENS ar an taithí a fuarthas roimhe seo i gcás treoirthionscadail ollmhóra amhail e-CODEX, d'fhonn réitigh theicniúla idir-inoibritheacha a chur ar fáil a fheidhmeoidh ar bhonn caighdeán coiteann i réimsí éagsúla, ag díriú go háirithe ar réitigh atá ag teastáil don ríomhsheachadadh, don ríomhaitheantas, don ríomhshíniú agus do ríomhdhoiciméid.

---

1 IO 2013/C 376/06
2 IO 2014/C 182/02
3 IO 2014/C, 182/02, mír 43

8. Ag an am céanna, is gnéithe tábhachtacha freisin den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) iad feidhmiú agus oibriú Bonneagar Seirbhísí Digiteacha (DSIeanna) an ríomhaitheantais, an ríomhshínithe agus an ríomhsheachadta, ar clár maoiniúcháin de chuid an Choimisiúin é an tSaoráid sin atá dírithe ar thionscadail leasa choitinn a spreagadh agus tacú leo d'fhonn leas a bhaint as DSIeanna agus iad a chur i mbun feidhme.[1] Táthar ag breathnú ar na réitigh a forbraíodh faoi chuimsiú e-CODEX i gcomhthéacs e-SENS agus CEF araon.

(b) Tionscadail shonracha i réimse an ríomhcheartais

9. Na treoirthionscadail sin a forbraíodh cheana féin agus a seoladh faoi chuimsiú e-CODEX, ní fhéadfar iad a mhaoiniú faoin tionscadal e-SENS. Thairis sin, caithfear idirnaisc nua a fhorbairt amach anseo idir na córais náisiúnta díláraithe agus/nó caithfear feidhmchláir theicniúla sonracha a fhorbairt don ríomhcheartas trasteorainn ionas go bhféadfar an ríomhcheartas a chur i ngníomh i ndáiríre[2].

10. Cé go bhféadfadh sé go gcuideodh an méid sin linn teacht ar réiteach iomchuí chun torthaí an tionscadail e-CODEX a chothú, is cosúil gur gá struchtúr a aimsiú fós atá oiriúnach chun na torthaí sin a baineadh amach agus an méid a dhéanfar amach anseo a rialú agus a chothú, agus ionas go gceapfar na réitigh san fhadtéarma.

11. Bheadh sé i gceist go nglacfaí na bearta is gá faoi struchtúr cobhsaí rialachais agus cothabhála, agus dhá pheirspictíocht ama á gcur san áireamh:

(a) sa ghearrthéarma: ar mhaithe le hinbhuanaitheacht threoirthionscadal e-CODEX nuair a thiocfaidh deireadh leis (Bealtaine 2016)

(b) san fhadtéarma: an ríomhcheartas a chur chun feidhme i dtaca le dí-ábharú imeachtaí breithiúnacha agus cumarsáide idir na húdaráis breithiúnacha ar an leibhéal Eorpach[3], lena n-áirítear réitigh sonracha TF-bhunaithe a fhorbairt do réimse an dlí, ar bhonn na dtreoirlínte a bheidh curtha ar fáil ag na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013

2 Thug an Coimisiún le fios go bhféadfadh an deis a bheith ann, leis an gclár CEF, tacú leis an méid atá curtha i gcrích go dtí seo, amhail gach a forbraíodh faoi chuimsiú e-CODEX, in 2015 ar mhaithe leis an ardán lárnach nó le bonneagar na mBallstát.

3 Réimse a bhfuiltear ag tacú leis faoi e-Codex.

III. Na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le rialú agus inbhuanaitheacht e-CODEX amach anseo

12. Bhreathnaigh an Mheitheal um R-Sheirbhísí Dlí (ríomhcheartas) ar thrí rogha a d'fhéadfadh a bheith ann:

Rogha 1:

13. Sa rogha seo, d'fhéadfaí iarraidh ar an gCoimisiún an fhreagracht a ghlacadh leanúint de réitigh e-CODEX a chothabháil, rud a bhreathnaigh roinnt Ballstát air.

Rogha 2:

14. An dara rogha a d'fhéadfadh a bheith ann an fhreagracht a shannadh do Bhallstát amháin nó níos mó. Feictear ón taithí den sórt sin, áfach, go bhféadfaí deacrachtaí struchtúrtha, eagraíochtúla agus teicniúla a chruthú agus dá bhrí sin seans nach réiteach inmharthana a bheadh ann.

Rogha 3:

15. An tríú rogha a d'fhéadfadh a bheith ann trí chúram a thabhairt do ghníomhaireacht neamhspleách atá san Aontas cheana.

16. Le linn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um R-Sheirbhísí Dlí (ríomhcheartas), mheas roinnt Ballstáit go mbeadh réiteach níos fearr ann sa ghearrthéarma dá dtabharfaí bainistiú cothabhála agus oibríochtúla e-CODEX do ghníomhaireacht AE atá ann faoi láthair. Maidir le réitigh TF-bhunaithe ar leith do réimse an r-cheartais san fhadtéarma, ba cheart iad sin a fhorbairt faoi threoir pholaitiúil na mBallstát agus an Choimisiúin. Mheas roinnt toscaireachtaí, go bhféadfadh an Coimisiún, an fhreagracht a ghlacadh, mar rogha idirthréimhseach, chun réitigh e-CODEX a chothabháil sa ghearrthéarma, tar éis tionscadal e-CODEX a thabhairt chun críche in 2016.

17. I gcás ar bith, agus réitigh fhadtéarmacha d'oibríochtaí r-cheartais á meas amach anseo san Aontas, ní mór na prionsabail a leagtar síos sa straitéis maidir le r-Cheartas Eorpach 2014-2018 a urramú. Áirítear ar na prionsabail sin, gníomhaíocht dheonach, dílárú, idir-inoibritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Ba cheart na prionsabail sin a chur san áireamh ar gach leibhéal, lena n-áirítear an leibhéal teicniúil agus bainistíochta agus cosaintí iomchuí maidir le próiseáil sonraí san áireamh. Ag an am céanna, ba cheart leas na mBallstát nach bhfuil rannpháirteach i dtionscadal e-CODEX faoi láthair a chur san áireamh go cuí.

18. Ar an gcuma chéanna, ba cheart go n-urramófaí an prionsabal atá ann a cheadú do Bhallstáit faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí d'fhonn treoir a chur ar fáil don obair sa réimse seo agus bheith mar chuid den phróiseas cinnteoireachta leis an gCoimisiún. Is saincheist thábhachtach í rannpháirteachas gníomhaireacht AE atá ann faoi láthair ar bhord bainistíochta a bheadh freagrach as inbhuanaitheacht chur chun feidhme e-CODEX agus ní mór sin a phlé tuilleadh.

IV. Ionstraim dlí

19. Ba cheart é a chur san áireamh má tá gníomhaireacht AE freagrach as saolré iomlán na bainistíochta forbartha agus oibríochtúla do réitigh e-CODEX sa ghearrthéarma agus, tar éis aird chuí a thabhairt, as saolré iomlán na bainistíochta forbartha agus oibríochtúla maidir le hidir-inoibritheacht chórais díláraithe TF i réimse an r-cheartais san fhadtéarma, beidh gá le hiontraim reachtach a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

V. Conclúidí

20. Iarrann an Mheitheal um R-Sheirbhísí Dlí (ríomhcheartas) ar Coreper/An Chomhairle an méid a leanas a dhéanamh:

(a) a dheimhniú go mbeidh gá le creat inbhuanaithe i ndáil le saolré iomlán na bainistíochta forbartha agus oibríochtúla do na réitigh teicniúla i gcomhthéacs tionscadal mórscála e-CODEX agus san fhadtéarma i dtaca le dí-ábharú imeachtaí breithiúnacha agus cumarsáid idir na húdaráis breithiúnacha i réimse an r-cheartais[1], lena gcuirfear san áireamh na prionsabail a leanas: gníomhaíocht dheonach, dílárú, idir-inoibritheacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna, agus an gá atá le leas na mBallstát sin nach bhfuil rannpháirteach i dtionscadal e-CODEX a chur san áireamh; agus

(b) iarraidh ar an gCoimisiún an bhailchríoch a chur ar a chuid tuairimí inmheánacha agus réiteach maidir le inbhuanaitheacht tionscadal e-CODEX a chur faoi bhráid na Comhairle sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, maidir leis na gnéithe a bhaineann le rialachas ríomhcheartais amach anseo ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an fhéidearthacht gníomhaireacht AE atá ann faoi láthair a úsáid.[2]

---

[1] Réimse a bhfuiltear ag tacú leis faoi e-Codex.

[2] Ós rud é go mbeidh gá le roinnt mhaith ama don chaibidlíocht maidir le hionstraim den sórt sin agus go dtiocfaidh deireadh le tionscadal e-CODEX i mí Bealtaine 2016, ba cheart na céad chéimeanna a ghlacadh a luaithe is féidir.